Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8836/2/26**
**REV 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0297(COD)**

**CODEC 853**
**POLCOM 166**
**SPG 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 22 Meán Fómhair 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 207(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. An 28 Aibreán 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[2]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 3/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghréig, an Spáinn agus an Iodáil ag vótáil ina choinne agus an Bheilg agus an Phortaingéil ag staonadh ón vótáil.

[1] 12184/21 + ADD 1 go 4.
[2] 8550/26.

4. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle sna hAguisíní a ghabhann leis an nóta seo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.